

## AN ROIINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

0310

LÉANN CLASAICEACH— GNÁTHLEIBHÉAL  
(400 marc)

DÉARDAOIN, 24 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.
- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar a leanas:

Grúpa I : Topaicí 1 go 4.  
 Grúpa II : Topaicí 5 go 7.  
 Grúpa III : Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'íarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi CHEITHRE THOPAIC mar a leanas:  
 Ní mór topaic amháin a ghilcadh as gach grúpa ar leith, agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as aon cheann ar bith de na trí ghrúpa.
- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.
- Tá na fótograif, a mbíonn gá leo le ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, le fáil ar pháipéar a bhfuil X marcálte air, atá ina theannta seo.

## GRÚPA I: Topaicí 1 go 4

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

[100]

Freagair aon dá cheann ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

- Nóta gairid a scríobh ar aon dá cheann síobh seo a leanas: Cléón; Gylippus; Alcibiades.
- “B’fhearr liom go ndíreodh sibh bhur n-aire ar ‘ardréim na hAithne’, faoi mar atá sí go ffor, agus go dtitfeadh sibh i ngrá léi.” (Tuicididéas, 2, 43).  
 Cad tá le rá ag Peiricléas ina óráid adhlactha faoi ardréim na hAithne?
- Cur síos a dhéanamh ar conas a d’éisigh leis na hAithních ar deireadh na Spartaigh, a raibh seilbh acu ar oiléán Sphacteria, a chloí.
- Sa bhliain 414 R.Ch., scríobh Nicias litir ón tSicil chuig na hAithních.
  - Cad deir sé sa litir sin faoi mar a bhí cúrsáid sa tSicil?
  - Cad a iarrann sé ar na hAithních a dhéanamh mar gheall ar na deacrachtaí a bhí aige?

## Topaic 2. Alastar Mór.

[100]

Freagair aon dá cheann ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

- Cuntas a thabhairt ar Chath abhair Granicus: an chéad chath a throid Alastar i gcoinne na bPeirseach.
- (a) Gearrchuntas a thabhairt ar bhás Dharius.  
 (b) Conas a chaith Alastar le comharba Dharius, Bessus?
- (a) Cén fáth ar chinn Alastar ar an bhFásach Geadrósach a thrasnú?  
 (b) Déan cur síos go hachomair ar na cruatain a d’fhulaing sé féin agus a chuid fear ar a n-aistear dóibh trasna an fhásaidh.
- Luaigh agus scríobh nóta ar dhá nóst Pheirseacha ar ghil Alastar leo.

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

[100]

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

- (i) (a) Déan cur síos ar Chath Pharsalus ina chlóigh Caesar Poimpéas.  
(b) Scríobh cuntas gairid ar bhás Phoimpéis.
- (ii) Cad a chuir dánta do chúrsa in iúl duit faoi scéal grá Chatullus agus Lesbia?
- (iii) Scríobh cuntas ar chomcheilg Chatailín agus ar conas a dhéileáil Cicéaró léi.
- (iv) Ina litir chuig Atticus, chán Brutus Cicéaró go han-ghéar mar gheall ar an tstí a raibh Octáivian óg á ghríosadh aige.
  - (a) Rianaigh na gearáin a bhí ag Brutus.
  - (b) Conas a cruthaíodh go luath ina dhiaidh sin go raibh an ceart ag Brutus?

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

[100]

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

- (i) Ba í Livia bean Ágastais agus máthair Thibéiríais.  
Déan cur síos go hachomair ar an bpáirt a ghlac sí le linn d'Ágastas agus do Thibéiríais a bheith ina n-impíri.
- (ii) Rianaigh cé mar a bhain Sejanus cumhacht amach i rith réimeas Thibéireais.
- (iii) I ndiaidh bhás Ágastais, de réir Thacatais, "chán agus mhol daoine meabhracha é ar bhealaí éagsúla."  
Inis go hachomair cad a bhí á rá acu siúd a bhí:
  - (a) ag moladh Ágastais;
  - (b) ag cáineadh Ágastais.
- (iv) Óna bhfuil léite agat de scríbhinní Thacatais agus Shuetonius, tabhair do bhréith ar charachtar Thibéiríais.

**GRÚPA II: Topaicí 5 go 7****Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

[100]

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

- (i) (a) Cuntas a tabhairt ar ar tharla nuair a casadh Medea agus Aegeus, rí na hAithne, ar a chéile in *Medea*, le hEoiripidéas.  
(b) Cén fáth a bhfuil an radharc seo tábhachtach i bplota an dráma?
- (ii) Rianaigh cé mar a fhaigheann Éideapús amach diaidh ar ndiaidh gurb é féin marfóir a athar in *Éideapús Rí*, le Sófaicléas.
- (iii) Cad tá le rá ag Medea faoi na deacrachtaí a bhíonn le fulaingt ag na mná in *Medea*, le hEoiripidéas?
- (iv) (a) Déan cur síos ar ar tharla "ag comhrac na dtrí bhóthar" in *Éideapús Rí*, le Sófaicléas.  
(b) Cad a chuireann an eachtra seo in iúl dúinn faoi charachtar Éideapúis?

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

[100]

Freagair aon dá cheann ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

- (i) (a) Déan cur síos ar ar tharla tar éis d'Aeolus mála na ngaoth a thabhairt d'Odaiséas.  
(b) Cé air a gcuirfeá an milleán faoin toradh tubaisteach a bhí ar an scéal? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt chuí á déanamh agat don téacs.
- (ii) Tabhair cuntas ar na nithe a thug ar na Traígh an Capall Maide a thabhairt isteach ina gcathair i Leabhair 2 den *Aéinéid* le Veirgil.
- (iii) I bhfianaise na gcuairteanna a thug Teileamacas ar Neastóir i bPylos, agus ar Mheanalás agus Héilín sa Sparta, cad a chuirtear in iúl díúinn faoi ghnásanna na féile san *Odaiséas* le Hóiméar?
- (iv) Cad iad na príomhdhifríochtaí idir Ifreann i Leabhar 11 den *Odaisé* le Hóiméar agus Ifreann i Leabhar 6 den *Aéinéid* le Verigil?

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

[100]

Freagair aon dá cheann ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

- (i) “Cad a dhféadfadh sé a dhéanamh, cá rachadh sé, agus a bhean a bheith sciobhtha uaidh faoi dhó?” (Veirgil, *Oirféas agus Eoraidíce*).
  - (a) Mnígh conas a sciobadh Eoraidíce faoi dhó ó Oirféas.
  - (b) Déan cur síos ar bhás Oirféis.
  - (c) I do thuairimse, cad iad na gnéithe den scéal atá á insint ag Veirgil a bhogfadh an croí i nduine?
- (ii) “Agus sinn-ne ag caint, tá an t-am suarach ag sleamhnú uainn; Is leat-sa an lá inniu; ní hionann is an lá amárach.”  
Inis mar a fhورbraíonn Hóráit an téama seo sna hóideanna, *Tá an bás i ndán do chách, Bailígí chugaibh na cocáin róis agus Scoir den Chaoineadh.*
- (iii) (a) Ina dhán *Imithe go Clitumnus*, cén fáth a bhfuil áthas ar Phropertius go bhfuil Cynthia imithe faoin tuath?  
(b) Conas a dhéanann Propertius ceap magaidh de féin sa dán seo?
- (iv) Ina Réamhrá, cén fáth ar fearr le Livias féachaint siar ar bhunús agus ar stair laethanta tosaigh na Róimhe ná breathnú ar an Róimh faoi mar a bhí sí lena linn féin?

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

[100]

Freagair aon dá cheann ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

- (i) Léiríonn Fótagraf A ar Pháipéar X Teampall Hera i bPaestum.
  - (a) Cén t-ord inar tógadh an teampall seo?
  - (b) Cén fhianaise atá ann gur tógadh an teampall seo níos luaithe ná Partanan na hAithne?
  - (c) Cad iad na gnéithe sonracha atá marcálte ar an bhFótagraf ag a, b agus c?
- (ii) Scrúdaigh Fótagraf B ar Pháipéar X.
  - (a) Cén t-ainm a thugtar ar na fíoracha fireanna mar seo?
  - (b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo?
  - (c) Cad iad na gnéithe den dealbh atá gnáthúil sa tréimhse seo?
- (iii) I bhFótagraf C ar Pháipéar X léirítear meiteop ó Phartanan na hAithne.
  - (a) Cad iad na fíoracha a thaispeántar sa mheitop?
  - (b) Cá háit ar theampall Gréagach a mbíonn na meiteopanna?
  - (c) Conas a d'éirigh leis an dealbhóir gluaiseacht agus drámatacht a chur in iúl?
- (iv) Scrúdaigh Fótagraf D ar Pháipéar X.
  - (a) Cén t-ainm a thugtar ar fhíoracha dá leithéidí seo?
  - (b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo?
  - (c) Scríobh nóta ar cé mar a chruthaigh an dealbhóir maidir le feabhas na ceardafochta?

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shocraitéas agus ar Phlatón.**

[100]

Freagair aon dá cheann ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

- (i) “Ceart go leor”, arsa mise, “tuigim. Ní mór dúinn staidéar a dhéanamh ní amháin a bhunús na sochaí ach ar an tsochaí nuair a bhíon sóulacht na sibhialtachta faoi réim intí” (Platón, *An Phoblacht* 2, 2).
- (a) Inis mar a rianaíonn Sócráitás an éabhlóid ón tsochaí chéadrata go dtí an tsochaí shibhialta.
- (b) Cén fáth, dar le Sócráitás, a bhfuil an chogaíocht dosheachanta de bharr na héabhlóide seo?
- (ii) (a) Inis cé mar a fhreagraíonn Sócráitás an cúiseamh nach mbeadh an stát idéalach atá i gceist aige inchurtha i bhfeidhm d'ainneoin é a bheith ceart go leor i dteoiric.
- (b) Cad é an t-aon bhealach amháin leis an stát idéalach a chur i gcrích, de réir Shócráitéis?
- (iii) Tabhair cuntas ar Shamhail na hUaimhe, de réir Phlatón.
- (iv) “Ar thug tú faoi deara”, arsa mise, “cé mar a chruthaítear meon ar leith i ndaoine a bhíonn tugtha ar feadh a saoil d'aclaíocht coirp agus di sin amháin? Díreach mar a chruthaítear meon de shaghas eile i ndaoine a dhéanann faillí san aclafócht coirp.” (Platón, *An Phoblacht* 3, 2).
- (a) Inis cé mar a leanann Sócráitás ar aghaidh lena argóint i bhfabhar “an t-oideachas fisiciúil agus an t-oideachas intleachtúil a chumasc go hiomlán” in oiliúint na gCosantóirí?
- (b) Agus é ag plé an chorpoideachais, cad tá le rá ag Sócráitás faoi chúrsaí bia?

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

[100]


Freagair aon dá cheann ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

- (i) I bhFótágraf E ar Pháipéar X léirítear plean de Theach Folchta Stabiae sa Phoimpé.
- (a) Bain feidhm as an téarmaíocht cheart chun na príomhghnéithe den teach folchta seo a ainmniú.
- (b) Cén fáth a raibh tithe folchta chomh tábhachtach sin mar ghné de shaol mhuintir na gcathracha Rómhánacha?
- (ii) Scrúdaigh Fótágraf F ar Pháipéar X.
- (a) Ainmnigh an foirgneamh atá le feiceáil i lár an fhótagraif.
- (b) Cén t-impire Rómhánach lena bhfuil tógáil an fhoirgnimh seo luaite?
- (c) Cé dó a bhfuil sé tiomnaithe?
- (d) Déan cur síos go hachomair ar an taobh istigh den fhoirgneamh.
- (iii) Féach ar Fótágraf G ar Pháipéar X.
- (a) Inis cé mar a léiríonn an phorráid seo saintréithe na dealbhóireachta portráidí Rómhánaí.
- (b) Cén tabhacht a bhí ag an dealbhóireacht phorráideach i saol na Rómhánach?
- (iv) Féach ar Fótágraf H ar Pháipéar X.
- (a) Cén eachtra a thaispeántar sa phéintéireacht balla seo?
- (b) Luaigh gné nó gnéithe den phéintéireacht atá suaithinseach, dar leat.

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999


LÉANN CLASAICEACH — GNÁTHLEIBHÉAL

PÁIPÉAR X



B


C




D




E



F



G





H

Baineadh Fótagraif A, B, C agus D as *A Handbook of Greek Art*, G. Richter, Phaidon Press, 4th Edition 1995.  
Baineadh Fótagraif E, F, G agus H as *Roman Art and Architecture*, M. Wheeler, Thames and Hudson, London 1964.